Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil
Environment, Community and Local Government

Deontas chun Soláthar Aonair Uisce Tí nó Feabhsú Riachtanach a chur i gcrích

Grant for Provision or Necessary Improvement of an Individual Water Supply to a house

Meamram Mínithe
Explanatory Memorandum

Oifig don Chlár Uisce Tuaithe
Comhairle Contae Chiarraí,
Áras an Chontae,
Ráth Theas,
Trá Lí,
Co. Chiarraí.

Teil: (066)7183513
Facs:(066)7181639

Rural Water Programme Office
Kerry County Council,
County Buildings,
Rathass,
Tralee,
Co.Kerry.

Tel: (066)7183513
Fax:(066)7181639

CLÁR

CONTENTS

Ginearálta	2	General
Cáilitheacht	2	Eligibility
Oibrithe Cáilithe	3	Qualifying Works
Réamh-Chigireacht	4	Prior Inspection
Costas Ceadaithe	4	Approved cost
Méid an Deontais	4	Amount of Grant
Deimhniú um Chead Sealadach	4	Certificate of Provisional Approval
Oibreacha á nDéanamh	5	Carrying out of works
Éileamh Íocaíochta	5	Claiming payment
Deontas a Íoc	5	Payment of Grant
Riaradh agus Tosach	6	Administration and commencement
Iarratais	6	Applications

Ginearálta

1.1 Tá sé mar aidhm ag an Scéim deontas cabhrú le teaghlaigh a bhraitheann ar sholáthar uisce aonair agus a mbíonn costais chaipitiúla orthu chun -

- píopaí a leagadh chun uisce tí a sholáthar, nó

- lochtanna móra ar sholáthar uisce tí atá cheana ann a cheartú.

Ní bhaineann an Scéim le haon tigh mar a mbíonn soláthar uisce poiblí nó Grúpscéim nó le tigh mar a bhféadfá go réasúnta a leithéid a sholáthar.

1.2 Ní bhaineann an Scéim le hoibreacha a dheintear gan chigireacht a bheith déanta roimh ré ag an Údarás Áitiúil.

Cailitheacht

2.1 Bítear i dteideal Deontais -

- má cheanglaítear soláthar uisce píopaí le tigh don chead uair, nó

- má fheabhsaítear lochtanna móra ar sholáthar uisce píopaí tí reatha munar Scéim poiblí no Grúpscéim a bhíonn i gceist. Sa mheamram seo, séard is brí le Grúpscéim ná Scéim soláthar uisce príobháideach ó fhoinse soláthair is córas riartha comónta nó i bpáirt.

2.2 Níltear i dteideal deontais, más í tuairim an Údarás Áitiúla -

- nach mbíonn an t-iarratasóir ag cur faoi go buan sa tigh úd mar ghnáth áitreabh cónaithe (m.sh tigh saoire)

- go bhfuil an tigh ceangailte i láthair na huaire le Scéim poiblí nó le Grúpscéim

- go bhfuil soláthar uisce poiblí nó soláthar Grúpscéime ar fáil sa cheantar mar a bhfuil an tigh nó go mbeidh a leithéid ann go luath

- go bhfuil an tigh á thógaint nó gur tógadh é le seacht mbliana anuas

- gur íocadh Deontas -

  - chun an tigh a sholáthar, nó

  - chun uisce a cheangailt leis an dtigh nó chun soláthar uisce a fheabhsú laistigh de sheacht mbliana.

General

1.1 The objective of the Grant Scheme is to assist households dependent on private individual water supplies who are incurring capital expenditure to -

- provide a piped supply of water for domestic purposes, or

- remedy serious deficiencies in an existing supply of water for domestic purposes. The Scheme does not apply to houses to which a public or group Scheme water supply has already been provided or can reasonably be provided.

1.2 Works carried out before a prior inspection by the Local Authority do not qualify under the Scheme.

Eligibility

2.1 A person is eligible for a Grant if he or she is –

- providing a piped supply of water to an existing house for the first time, or

- carrying out improvements to a seriously deficient existing piped supply of water to a house, where the supply of water concerned is a supply other than a public or group Scheme supply.

For the purposes of this memorandum, a group water Scheme is a Scheme providing a private supply of water by means of a common or shared source of supply and distribution system.

2.2 A person is not eligible for a Grant if, in the opinion of the Local Authority, -

- the house concerned is not occupied by the applicant as his or her normal place of residence (e.g. a holiday home),

- (b) the house concerned is at present connected to a public or group Scheme water supply,

- the area in which the house is located is or is about to be served by a public water supply or a group Scheme water supply,

- the house concerned is under construction or has been constructed within the previous 7 years,

- a Grant for –
  - the provision of the house concerned, or

  - the provision or improvement of a water supply to that house, has been paid within the previous 7 years.

Oibreacha Cáilithe

3.1 Cáilítear oibreacha faoin scéim má dheintear iad chun soláthar nó chun feabhsú soláthar uisce a chur i gcrích agus is iad seo a leanas na hoibreacha a bhíonn i gceist –

- tobar nua a dhruileáil nó a choimisiúnú
- tobar a athchóiriú, tolladh, athlíneáil ar bhun reatha nó glár a bhaint san áireamh
- soláthar uisce ó fhoinse uisce ar bharr talún a chur ar fail nó a uasghrádú
- tigh caidéil a thógaint nó a fheabhsú, píopaí nó áiseanna eile gaolmhara le soláthar uisce
- fearas nó áiseanna meicniúla nó leictreacha a chur le soláthar uisce nó a leithéid a fheabhsú, nó
- fearas nó aiseanna cóireála uisce a sholáthar nó a fheabhsú.

3.2 Ní cháilítear oibreacha faoin scéim más í tuairim an údaráis áitiúla –

- go bhfuil an costas ceadaithe faoi bhun €634.87
- go sáraíonn na hoibreacha molta a mbeadh riachtanach chun dóthain uisce tí a sholáthar
- go mbaineann siad le pluiméireacht a chur isteach nó a fheabhsú sa tigh laistigh
- go mbaineann siad le soláthar eile seachas uisce tí a cheangal nó a uasghrádú
- gur deineadh na hoibreacha gan chigireacht a bheith déanta roimh ré ag an Údarás Áitiúil.

Qualifying works.

3.1 Works qualify under the Scheme where they are undertaken to provide or improve a supply of water for domestic purposes in a house and they consist of one or more of the following –

- drilling or commissioning a new well,
- rehabilitating an existing well, including deepening or relining an existing bore or the removal of silt,
- providing or upgrading a supply of water from a surface water source,
- the construction or improvement of a pumphouse, piping or other facilities in connection with the supply of water,
- the provision or improvement of mechanical or electrical
- equipment or facilities in connection with the supply of water, or
- the provision or improvement of facilities or equipment for the treatment of water.

3.2 Works do not qualify where, in the opinion of the local authority –

- ❖ they have an approved cost of less than €634.87
- ❖ the proposed works exceed what would be required to secure an adequate supply of water for domestic purposes,
- ❖ they relate to the installation or improvement of plumbing inside a house,
- ❖ they relate to the provision or up-grading of a supply of water for non-domestic purposes,
- ❖ they are carried out before the Local Authority's prior inspection takes place.

Réamh Chigireacht

4.1 Déanfaidh an tÚdarás Áitiúil cigireacht roimh ré chun –

- cáilitheacht agus cáilíocht na n-oibreacha a chinntiú agus

- féachaint an bhfuil lochtanna móra ar an soláthar, má bhaineann an t-iarratas le soláthar a fheabhsú.

4.2 Más rud é nach féidir leis an iarratasóir mionsonraí na n-oibreacha molta a sholáthar (mar shampla, do thobar nua), ní dhéanfaidh an tÚdarás Áitiúil ach cáilitheacht an iarratasóra a dheimhniú. Nuair a bheidh na mionsonraí faighte, cinnfidh an tÚdarás Áitiúil an gcáilíonn na hoibreacha, mar aon le costas agus méid an Deontais a cheadú. Féadfaidh an t-iarratasóir a leithéid de shonraí a chur ar fail tar éis na hoibre, ach an cigireacht a bheith déanta roimh ré.

Costas Ceadaithe

5.1 Is é an tÚdarás Áitiúil a leagfaidh síos an costas ceadaithe bunaithe ar mhéid an Deontais. Meastachán is ea é seo ar chostas réasúnta na n-oibreacha cáilithe.

Méid an Deontais

6.1 I méid an Deontais beidh –

- ❖ 75% den chostas ceadaithe (nó, más cuí, den chostas ceadaithe leasaithe - féach ailt 10.2 agus 10.3), nó

- ❖ €2,031.58

pé acu díobh is lú.

Deimhniú um Chead Sealadach

7.1 Nuair atá an tÚdarás Áitiúil –

- sásta lena chigireacht roimh ré agus

- tar éis a chinntiú go bhfuil an t-iarratasóir incháilithe, go gcáilíonn na hoibreacha molta is go gcomhlíontar gach aon téarma agus coinníoll eile den Scéim agus

- tar éis an costas ceadaithe agus méid an Deontais a chinntiú

bronnfar Deimhniú um Chead Sealadach ar an iarratasóir.

Prior Inspection

4.1 The Local Authority will carry out a prior inspection to –

- determine eligibility and whether the proposed works qualify, and
- in the case of an application relating to the improvement of an existing supply, determine whether such supply is seriously deficient.

4.2 Where the applicant is not, at the time of application, able to provide full details of the proposed works (for example, in the case of a new well), the Local Authority will only confirm whether or not the applicant is eligible for a Grant. The authority will consider whether the relevant works qualify, and determine an approved cost and amount of Grant, when full details of such works are provided. The applicant may provide such details after the works have been completed provided a prior inspection has taken place.

Approved Cost

5.1 The approved cost, the amount on the basis of which the amount of Grant is calculated, is determined by the Local Authority. It is an estimate of the reasonable cost of qualifying works.

Amount of Grant

6.1 The amount of a Grant will be –

- 75% of the approved cost (or, where appropriate, the revised approved cost (paragraphs 10.2 and 10.3 refer), or
- €2,031.58

whichever is the lesser.

Certificate of Provisional Approval

7.1 Where the Local Authority has –

- carried out a prior inspection to its satisfaction, and
- determined that the applicant is eligible, the proposed works qualify, and all other terms and conditions of the Scheme are complied with, and
- determined the approved cost and the amount of Grant,

it will issue a Certificate of Provisional Approval to the applicant.

Oibreacha á nDéanamh

8.1 Féadfar tosnú ar na hoibreacha nuair a eisítear an Deimhniú um Chead Sealadach. Ní mór Conraitheoir a fhostú a bhíonn cláraithe do CBL agus ag a mbíonn Foirm reatha C2 nó teastas glanta cánach ó na Coimisinéirí Ioncaim.

Éileamh Íocaíochta

9.1 Agus an obair chríochnaithe, féadfaidh an tIarratasóir an deontas a lorg ach an dearbhú atá istigh sa Dheimhniú um Chead Sealadach a shíniú is é sin a sheoladh i dteannta fála dos na hoibreacha cáilithe chuig an Údarás Áitiúil.

Deontas a Íoc

10.1 Nuair a fhaigheann an tÚdarás Áitiúil éileamh íocaíochta, déantar cigireacht ar na hoibreacha lena chinntiú -

(a) gur deineadh is gur críochnaíodh na hoibreacha ar bhonn sásúil agus

(b) gur ceanglaíodh soláthar uisce atá sásúil i gcáilíocht is i méid.

Ach an méid sin a bheith soiléir íocfar an deontas.

10.2 Má cheapann an tÚdarás Áitiúil nár deineadh na hoibreacha de réir an iarratais nó nár críochnaíodh iad ar bhonn sásúil, féadfaidh siad

(a) an costas ceadaithe a leasú

(b) an deontas a choimeád siar go dtí go gcuireann an at-iarratasóir i gcrích pé athruithe a bhíonn ag teastáil ón údarás áitiúil, nó go ndeintear pé oibreacha breise a fhógraítear.

10.3 Má cheapann an tÚdarás Áitiúil go bhfuil fíorchostas na n-oibreacha cáilithe níos ísle ná an costas ceadaithe, cinnfear ar chostas ceadaithe leasaithe.

Carrying out of works

8.1 After receipt of a Certificate of Provisional Approval, the works concerned may commence. The works must be carried out by a contractor registered for VAT who holds a current Form C2 or tax clearance certificate from the Revenue Commissioners.

Claiming payment

9.1 On completion of the works, payment of Grant may be claimed by the applicant by signing the declaration incorporated in the Certificate of Provisional Approval, and returning it together with receipts in respect of qualifying works to the Local Authority.

Payment of Grant

10.1 Following receipt of a claim for payment, the Local Authority will carry out an inspection of the works to establish that –

(a) the works proposed in the application have been satisfactorily undertaken and completed, and

(b) a water supply which is satisfactory in both quality and quantity has been provided.

Once this is established, the Grant will be paid.

10.2 Where the Local Authority is of the opinion that the works have not been undertaken in accordance with the application, or have not been satisfactorily completed, the authority may

(a) determine a revised approved cost,

(b) withhold payment of the Grant until the applicant carries out such alterations to the existing works or such additional works as may be notified by the authority.

10.3 Where the Local Authority is of the opinion that the actual cost of the qualifying works is less than the approved cost, a revised approved cost will be determined.

Riaradh agus Tosach

11.1 Riarann na Comhairlí Contae na Scéimeanna. Is í an Chomhairle Contae chuí (ar a dtugtar an tÚdarás Áitiúil sa mheamram seo) a bhíonn ag plé le ceisteanna maidir le hoibriú na Scéime ó lá go lá, ina measc fiosrúcháin, iarratais agus íocaíochtaí.

Iarratais

12.1 Ní mór iarratas ar Dheontas faoin Scéim a sheoladh chuig Údarás Áitiúil ar Fhoirm WG1 mar aon le léarscáil suíomh an tí. Má thuigtear cineál agus méid na n-oibreacha molta lena linn sin, ba chóir mionsonraí agus meastachán costas na n-oibreacha molta a sheoladh freisin.

Administration and commencement

11.1 The Scheme is being administered by each County Council. All issues relating to the day-to-day operation of the Scheme, including dealing with enquiry's, applications and payments, are a matter for the relevant County Council (referred to in this memorandum as the 'Local Authority').

Applications

12.1 An application for a Grant under this Scheme must be made to a Local Authority on Form WG1 and should be accompanied by a site location map of the house concerned. Where the exact nature and extent of the proposed works are known at the time of making an application, a detailed specification and estimate of cost of the proposed works should also be provided.